**Cuntas Leithreasa 2013**

# Vóta 17

# An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 17, ní mór dom an Cuntas Leithghabhála don Vóta a ullmhú gach bliain agus an Cuntas a chur os comhair an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste do iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo faoin suim a caitheadh sa bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2013 ar thuarastail agus ar chostais na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.

Déantar comparáid idir an caiteachas agus an tsuim a thug Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaí 2013, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair de chaiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €269,359 a ghéilleadh don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi Bheartas agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5 ina gcuid den Chuntas.

**Ráiteas faoi Bheartas agus Prionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha cuntasaíochta do Chuntais Leithghabhála i bhfeidhm agus an Cuntas á ullmhú.

**Ráiteas faoi Rialáil Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht as córas Rialála Inmheánaí Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta glacaim le mo fhreagracht as a chinntiú go gcothabháiltear agus go n-oibrítear córas éifeachtach maidir le rialú inmheánach airgeadais sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Tugaim faoin fhreagracht seo de réir na n-acmhainní atá ar fáil agam agus de réir na ndualgas eile atá orm mar Cheannasaí na hOifige. Mar aon leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach a dheimhniú go réasúnta agus ní go hiomlán go bhfuil na hacmhainní slán, go bhfuil cead tugtha maidir le hidirbhearta agus gur taifeadadh iad, agus go gcuirfí cosc nó go bhfaighfí amach faoi bhotúin nó faoi mhírialtachtaí in am. Déantar cothabháil ar bhun leanúnach ar an chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais agus déantar athbhreithniú air agus ar chomh héifeachtach atá sé go rialta.

***Réimse Rialála Airgeadais***

Deimhním go bhfuil réimse rialála agus na nithe seo san áireamh i bhfeidhm:

- tugadh freagrachtaí airgeadais amach ag leibhéal bainistíochta chomh maith le cuntasacht dá réir
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal in ar tugadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- tá nós imeachta foirmiúil i bhfeidhm chun clistí suntasacha rialála a thuairisciú agus lena chinntiú go gcuirtear an ghníomhaíocht chuí i bhfeidhm lena cheartú
- tá Coiste Iniúchta i bhfeidhm chun comhairle a thabhairt dom chun mo chuid dualgas a chomhlíonadh don chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Rialú Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat modhanna riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear dualgais a scaradh agus córas dáilte agus cuntasachta agus go háirithe:

- tá córas cuí buiséadaithe agus buiséad bliantúil ann agus déanann an ardbhainistíocht athbhreithniú air
- déanann an ardbhainistíocht athbhreithniú rialta ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmiúchán airgeadais i gcomparáid le réamhfhaisnéis
- tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
- tá córais i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil na córais TEC slán
- tá treoirlínte rialaithe cuí maidir le hinfheistíocht chaipitil i bhfeidhm chomh maith le córais fhoirmiúla do bhainistíocht tionscadail
- cinntíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí go mbíonn fócas cuí ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad.

***Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh i bhfeidhm sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ina bhfuil pearsanra atá oilte i gceart, a fheidhmíonn de réir na cairte scríofa atá faofa agam. Tá obair na feidhme bunaithe ar anailís a rinneadh ar na rioscaí airgeadais a bheadh ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus tá na pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla atá faofa agam, bunaithe ar an anailís seo. Clúdóidh na pleananna seo an príomh-rialú ar bhun rollach ar feadh tréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú anois is arís ar an fheidhm iniúchta inmheánaigh. Tá plean curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht mar thoradh ar na tuairiscí ar an fheidhm iniúchta inmheánaigh.

**Fiona Tierney**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

19 Márta 2014

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Iúil 2014

# Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
## Cuntas Leithghabhála 2013

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar don Mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas Cláir** | | | | |
| A | Státseirbhís agus Seirbhís Phoiblí - Ath-imlonnú / Earcaíocht / Roghnú | 6,531 | 6,283 | 6,699 |
| | **Ollchaiteachas** | **6,531** | **6,283** | **6,699** |
| | *Bain de:* | | | |
| B | **Leithghabhálacha-i-gcabhair** | **248** | **269** | **370** |
| | **Glanchaiteachas** | **6,283** | **6,014** | **6,329** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 269,359 | 296,869 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar don mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 4,319 | 4,283 | 4,415 |
| ii | Taisteal agus cothú | 58 | 45 | 63 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 112 | 140 | 114 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 121 | 103 | 130 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TE seachtracha | 858 | 746 | 878 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 245 | 214 | 354 |
| vii | Costais earcaíochta – taighde agus rialú corparáideach | 14 | 24 | 14 |
| viii | Costais earcaíochta – fógraíocht agus tástáil | 415 | 386 | 362 |
| ix | Costais earcaíochta – boird agallaimh | 389 | 342 | 369 |
| | | 6,531 | 6,283 | 6,699 |

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2013

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Pá | | 4,283 | 4,415 |
| Neamh-phá | | 2,000 | 2,284 |
| **Ollchaiteachas** | | **6,283** | **6,699** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithghabhálacha-i-gcabhair** | | **269** | **370** |
| **Caiteachas glan** | | **6,014** | **6,329** |
| | | | |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin in airgead tirim | (21) | | |
| Dímheas | 488 | | |
| | | 467 | 451 |
| **Athruithe i sócmhainní reatha glan** | | | |
| Méadú i bhfabhruithe deiridh | 71 | | |
| Laghdú i stoc | 835 | | |
| | | 906 | 96 |
| **Caiteachas díreach** | | **7,387** | **6,876** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchostas do sheirbhísí gaolta (nóta 1.1) | | 3,048 | 3,000 |
| **Costas glan cláir** | | **10,435** | **9,876** |

#### 1.1 Glanchostas do sheirbhísí gaolta

Tá an t-iomlán measta seo a leanas maidir le Vóta 17 a tharla in áit eile san áireamh sa chaiteachas do sheirbhísí gaolta glan.

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 7 Airgeadas | m | 27 | 27 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim[1] | m | 45 | 45 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 918 | 903 |
| Vóta 13 Oifig na Oibreacha Poiblí | m | 2,058 | 2,025 |
| | | 3,048 | 3,000 |

Léiríonn “m” gur meastachán is ea an uimhir den chostas cionroinnte

[1] Chun comparáid a dhéanamh, athraíodh luach na bliana roimhe do sheirbhísí a thug na Coimisinéirí Ioncaim ar dtús don Vóta in 2013.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2013

| | Nóta | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.2 | **1,873** | **2,255** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 126 | (353) |
| Stoic | 2.3 | 150 | 985 |
| Réamhíocaíochtaí | | 335 | 312 |
| Ioncam Fabhraithe | | 63 | 20 |
| Iarmhéid eile sochair | | 107 | 72 |
| **Sócmhainní Reatha Iomlán** | | **781** | **1,036** |
| **Lúide Dliteanas Reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 222 | 85 |
| Iarmhéid sochair eile | 2.5 | 156 | 129 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.4 | 77 | (410) |
| **Glandliteanas reatha** | | **455** | **(196)** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 326 | 1,232 |
| **Glansócmhainní** | | **2,199** | **3,487** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú stáit** | 2.1 | **2,199** | **3,487** |

### 2.1 Cuntas Maoiniú Stáit

| | Nóta | €000 | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 3,487 | 3,940 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 6,283 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (269) | | |
| Vóta glan | | | 6,014 | 6,329 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 990 | 975 |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna | 1.1 | | 2,058 | 2,025 |
| Athrú ar shocmhainní seasta | | | 85 | 94 |
| Costas glan clár | 1 | | (10,435) | (9,876) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **2,199** | **3,487** |

## 2.2 Sócmhainní Caipitil

| | Trealamh oifige agus TEC | Troscán agus feistis | Feabhsúcháin don fhoirgneamh | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Sócmhainní comhlán** | | | | |
| Costas nó luacháil ar an 1 Eanáir 2013 | 8,571 | 659 | 692 | 9,922 |
| Athrú [1] | 104 | — | — | 104 |
| Breiseanna [2] | 52 | 4 | — | 56 |
| Diúscairtí | (101) | — | — | (101) |
| Costas nó luacháil ar an 31 Nollaig 2013 | 8,626 | 663 | 692 | 9,891 |
| **Dímheas Carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ar an 1 Eanáir 2013 | 6,381 | 595 | 691 | 7,667 |
| Athrú [1] | 54 | — | — | 54 |
| Dímheas don bhliain | 473 | 14 | 1 | 488 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (101) | — | — | (101 |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2013 | 6,807 | 609 | 692 | 8,108 |
| **Glanshócmhainní ag 31 Nollaig 2013** | **1,819** | **54** | **—** | **1.873** |
| **Glanshócmhainní ag 31 Nollaig 2012** | **2,190** | **64** | **1** | **2,255** |

1 Déanann PAS iniúchadh ar shócmhainní caipitil gach bliain ar bhun rollach. Le linn 2013, fuarthas sócmhainní nach raibh ar an chlár. Cuireadh ar an chlár iad in 2013 agus rinneadh dímheas orthu ón dáta a fuarthas iad.

2 Áirítear €35,000 de leabhráin tástála buaine a aistríodh ón stoc leis an bhfigiúr seo (féach nóta 2.3).

## 2.3 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Ábhair Tástála[1] | 127 | 961 |
| Earraí TE /stáiseanóireacht | 23 | 24 |
| | 150 | 985 |

1 Nuair a rinneadh athbhreithniú ar stoc na leabhrán trialacha agus de na bileoga freagraí tar éis aistriú chuig tástáil ar líne, rinneadh díscríobh ar luach €835,000. San athbhreithniú socraíodh go raibh leabhráin trialacha gur féidir a úsáid ar bhun buan agus aistríodh iad seo chuig sócmhainní seasta ar luach €35,000.

| **2.4 Glandliteanas don Státchiste** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 269 | 297 |
| Deontas an Státchiste nar Tarraingíodh | (192) | (707) |
| Glandliteanas ón Státchiste | 77 | (410) |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 126 | (353) |
| Iarmhéideanna dochair - fionraí | 107 | 72 |
| | 233 | (281) |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (116) | (129) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (40) | — |
| | 77 | (410) |

| **2.5 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 76 | 76 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 33 | 30 |
| Cáin Shiarchoinneálach um Sheirbhísí Gairmiúla | 2 | 5 |
| Cáin Bhreisluacha | 5 | 18 |
| Iarmhéideanna creidmheasa - fionraí | 116 | 129 |
| | 40 | — |
| | 156 | 129 |

| **2.6 Ceangaltais** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Líon iomlán na gceangaltas infheidhmithe | 40 | 15[1] |

[1] Athraíodh na huimhreacha comparáide mar gheall ar an mhéadú sa tairseach I gceangaltais atá le nochtadh.

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fo-mhírcheann

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar don mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Státseirbhís agus Seirbhís Phoiblí – Ath-imlonnú/ Earcaíocht/Roghnú** | | | |
| A.1 | Riarachán - Pá | 4,319 | 4,283 | 4,415 |
| A.2 | Riarachán – Neamh-Phá | 2,212 | 2,000 | 2,284 |
| | | 6,531 | 6,283 | 6,699 |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

San iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár 1 €248,000 níos ísle ná mar a soláthraíodh. Thar la sin go háirithe mar gheall ar na nithe seo:

| Ceannteideal | Níos lú/níos mó ná measadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán – neamh-phá | 212 | Sábháladh a lán airgid trí ath-thairiscintí a dhéanamh ar chonarthaí móra cothabhála ar bhogearraí oibríochta tábhachtacha agus mar gheall ar mheascán na gcomórtas in 2013 a d'fhág go raibh costais earcaíochta níos lú ná mar a ceapadh. |

## 4 Fáltais

| **4.1 Leithghabhálacha-i-gcabhair** | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | Meastachán | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Ilchineálach | 25 | 38 | 122 |
| 2. | Fáltais ó phinsean - asbhaintí gaolmhara ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 223 | 231 | 248 |
| | | 248 | 269 | 370 |

**Míniú ar Athruithe Suntasacha**

Mínítear thíos i gcás gach teideal nuair a bhí difríocht de níos mó ná €100,000 agus níos mó ná 5%, idir an caiteachas agus an meastachán. Ní raibh aon chaiteachas dá leithéid sa Vóta sa bhliain 2013.

# 5 Líon na bhFostaithe agus Pá

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| **Líon na mBall foirne ag deireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha) | 86 | 86 |

| | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 3,945 | 4,078 |
| Liúntais níos airde, speisialta nó do dhualgais bhreise | 52 | 44 |
| Liúntais eile | | |
| Ragobair | 22 | 22 |
| ÁSPC an fhostóra | 264 | 271 |
| **Pá iomlán** | **4,283** | **4,415** |

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon a fuair | Líon a fuair €10,000 nó níos mó | Íocaíocht is mó do dhuine amháin 2013 € | Íocaíocht is mó do dhuine amháin 2012 € |
|---|---|---|---|---|
| Freagrachtaí níos airde, speisialta nó breise | 23 | — | 8,398 | 8,101 |
| Ragobair agus freastal breise | 40 | 2 | 10,446 | 12,063 |

Nóta: Fuair daoine áirithe íocaíocht sa bhreis i níos mó na catagóir amháin.

**5.2 Socruithe eile Luach Saothair**

Íocadh €35,055 san iomlán i dtáillí do cheithre bhall de Bhord PAS sa bhliain 2013 (2012: €36,978).